Treoirlínte Foirme Iarratais – Bunscoileanna

1. Tá na treoirlínte seo deartha chun cuidiú le scoileanna an fhoirm iarratais a chomhlánú agus dul ar aghaidh trí phróiseas an Bhratach Scoile Gníomhaí (BSG/ASF). **Moltar do scoileanna fótachóip a dhéanamh den doiciméad seo agus tagairt a dhéanamh dó le linn dóibh an fhoirm a chomhlánú.**

2. Soláthraíonn an doiciméad seo tagairtí agus tugann leideanna i leith ceisteanna do gach ceann de na réimsí athbhreithnithe. *Níltear* ag súil go bhfreagróidh scoileanna do gach ceist leide ina n-iarratas. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanann scoileanna tagairt d'fhaisnéis faoina saintionscnaimh féin agus é a chur san áireamh.

3. Aithníonn an Bhratach Scoile Ghníomhaí go n-athróidh áiseanna go han-suntasach idir scoileanna. Bronnfar an Bhratach Scoile Gníomhaí ar scoileanna a bhainfidh lán-úsáid as a n-áiseanna féin agus astu siúd de chuid an phobail áitiúil chun gníomhaíochtaí fisiciúla chomh leathan agus chomh héagsúil agus is féidir a sholáthar do dhaltaí.

4. Iarrtar ar scoileanna faisnéis a sholáthar *i ngach ceann* de na réimsí athbhreithnithe.

5. Moltar do scoileanna na rannóga bainteacha ar shuíomh idirlín BSG a chuardach de réir mar a théann siad tríd an phróiseas.

6. Iarrtar ar scoileanna mionchuntas a thabhairt dá staid reatha ins an spás soláthraithe. Moltar leagan amach pointí piléir a úsáid.

7. Teastaíonn ó cheithre cinn de na ceantair athbhreithnithe go líonfadh scoileanna na teimpléid ghlana thionlacain. D'fhéadfadh gur leor seo do chomhlánú na míre 'Staid Reatha' do na réimsí athbhreithnithe sin, muna bhfuil faisnéis bhreise gur mhaith le scoileanna a chur san áireamh ina n-iarratas.

8. Caithfidh scoileanna íosmhéid d'fheabhsú amháin, suas go huasmhéid ceithre cinn, a bhaint amach do gach ceann de na réimsí athbhreithnithe uimhrithe 3 -15. Cinnfidh an staid reatha do chuile phointe athbhreithnithe an scóip atá ann d'fheabhsú a dhéanamh. I roinnt réimsí athbhreithnithe, d'fhéadfadh go mbeadh go leor oibre le déanamh, cé go mb'fhéidir go mba leor feabhsú amháin i réimsí eile.

9. Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna a gcuid faisnéise ar fáil go gonta agus <u>freagraí a theorannú do gach réimse athbhreithnithe go leathanach amháin.</u> Tá spás breise curtha ar fáil ag deireadh na foirme iarratais, má theastaíonn sé.

10. *I dtéarmaí formáidithe, le do thoil, coinnigh ceannteideal an réimse athbhreithnithe (i ngorm) ag fíor-bharr gach leathanaigh.* Is féidir le scoileanna cuid de na boscaí feabhsúcháin a bhaint amach muna bhfuil siad ag teastáil ar an chaoi sin ag ligean spáis dóibh chun bosca na staide reatha a leathnú. In a mhalairt de chás is féidir le scoileanna bosca na míre 'Staid Reatha' a ghiorrú má theastaíonn tuilleadh spáis uathu i gcóir na 'mBoscaí Feabhsúcháin'.

11. De réir mar a *bhaintear amach* gach ceann de na feabhsúcháin liostáilte ar an fhoirm iarratais ba chóir go ndéanfaí taifead dá ndáta críochnaithe agus an chuid 'Fianaise Feabhsúcháin' den fhoirm a líonadh isteach.

12. Chun go mbronnfaí an Bhratach BSG caithfidh scoileanna faisnéis chrua a sholáthar don oifigeach creidiúnaithe gur baineadh amach *gach ceann* de na feabhsúcháin sonraithe ar an fhoirm iarratais. Is féidir fianaise a chur ar fáil ina lán slite éagsúla:

    - Faisnéis radharcach – grianghraif, físeáin, cur i láthair 'Power Point', srl.
    - Faisnéis scríofa – litreacha, doiciméadú pleanála scoile, gearrtháin nuachtán, tuairiscí daltaí, srl.
    - Agallaimh le daltaí, tuismitheoirí, cóitseálaithe CNR/NGB, srl.
    - Turas ar áiseanna
    - Taispeántais
    - Suíomh idirlín scoile

    Tá sé tábhachtach go gcasfaí an t-oifigeach creidiúnaithe le daltaí agus ranganna ionadaíocha mar chuid den bpróiseas creidiúnaithe. Ba chóir go mbeadh ainmneacha na ndaoine aonair eile (tuismitheoirí, cóitseálaithe, srl.) a gcasfaidh an t-oifigeach creidiúnaithe leo le linn a gcuairte áirithe ins an chuid 'Fianaise Feabhsúchán'.

13. **Is cóir go mbeadh na feabhsúcháin luaite ar an fhoirm iarratais críochnaithe <u>roimh</u> don iarratas a bheith curtha isteach.** Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur trí r-phost amháin chuig: eolas@activeschoolflag.ie

<u>Leid-Cheisteanna - Bunscoileanna</u>

1. Soláthar Amchláir	**Faigheann gach dalta san scoil íosmhéid de 1 uair a chloig de Chorpoideachas (CO) amchláraithe gach seachtain**

Déan an t-*Amchlár glan Corpoideachais* a leanann an réimse athbhreithnithe seo ins an fhoirm iarratais a chomhlánú.

Cuirtear comhairle ar scoileanna nach féidir iad a chreidiúnú don Bhratach Scoile Gníomhaí muna ndéantar an riachtanas seo a chomhlíonadh.

2. Plean CO Scoile	Tá plean scoile cuimsitheach agus suas chun dáta ag an scoil

Ba chóir go gcuirfí an plean CO ar fáil don oifigeach creidiúnaithe nuair a thugann siad cuairt ar an scoil.

Tá An Clár um Thacaíocht Churaclaim Bhunscoile (CTCB/PCSP), Teimpléad Plean CO agus Leideanna Pleanála suite faoin táb Acmhainní ar shuíomh idirlín BSG.

Tá sé tábhachtach go mbeidh ionchur ag múinteoirí i gcruthú agus i gclár ábhar an phlean CO agus ba chóir an plean a athbhreithniú mar chuid den phróiseas BSG.

Is iad an seacht n-eochair-theachtairí de churaclam CO bunscoile ná

1. Tábhacht taitnimh agus súgartha
2. Uasmhéid rannpháirtíochta ag páistí uilig
3. Forbairt scileanna agus tuisceana
4. Cothromaíocht idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamh-iomaíocha
5. Cothromaíocht idir gníomhaíochtaí teagmhála agus neamh-theagmhála
6. Soláthar deiseanna do chách
7. Soláthar gníomhaíochtaí comh-oiriúnach do bhuachaillí agus chailíní

3. Curaclam CO	Leanann an scoil curaclam CO na bunscoile ag múineadh íosmhéid de 5 cinn de na snáitheanna do gach rang gach bliain

Comhlánaigh, le do thoil, *Teimpléad Amchláir Snáitheanna CO* a leanann an réimse athbhreithnithe seo ins an fhoirm iarratais. D'fhéadfadh go mba leor seo do chomhlánú na míre 'staid reatha' muna bhfuil breis eolais a mba mhaith leis an scoil a bheith san áireamh.

Tá Curaclam Corpoideachais Bunscoile ar fáil le breathnú air faoin táb Forbairt Ghairmiúil, ar an suíomh idirlín BSG. Féach ar nasc doiciméid phleanála na Roinne Oideachais.

Spreagtar scoileanna freisin cuardach a dhéanamh ar phleananna ceachta Thionscnamh Spóirt na mBunscoileanna (TSB/PSSI) faoin táb Acmhainní ar an suíomh idirlín BSG.

Is iad na snáitheanna PE ná:

Uiscíocht
Lúthchleasa
Rince
Cluichí
Gleacaíocht
Gníomhaíochtaí faoin spéir agus eachtraíochta

Admhaíonn curaclam CO go mb'fhéidir nach mbeidh sé indéanta an snáithe uiscíochta a mhúineadh do gach rang gach bliain.

4. Am Lánroghnach	**Baineann an scoil úsáid as am lánroghnach curaclaim chun feabhas a chur ar an gclár PE agus deiseanna breise corpghníomhaíochta a sholáthar do dhaltaí.**

Comhlánaigh, le do thoil, an *Teimpléad Leithdháilte Ama lánhroghnaigh* a leanann an réimse athbhreithnithe seo ins an fhoirm iarratais. D'fhéadfadh go mba leor é seo don mhír 'Staid Reatha' a chomhlánú muna bhfuil breis eolais a mba mhaith leis an scoil a áireamh.

Leid-Cheisteanna

- An úsáideann an scoil am lánroghnach curaclaim chun ceachtanna uiscíochta agus an t-aistear chuig agus ón linn snámha a éascú?
- An dtugann an scoil luach saothair dea-iompair nó eachtraí speisialta trí bhreis CO nó am clóis a cheadú?
- An dtairgeann an scoil turais scoile gníomhaíocht bhunaithe?
- An Úsáideann an scoil am lánroghnach chun eachtraí Sheachtain "Scoile Gníomhaí" a éascú?
- An úsáideann an scoil am lánroghnach chun éascú a dhéanamh ar chláir ghearra mar 'Bristeacha Gnóthacha' ó Fhoras Croí na hÉireann a chur san áireamh i sceideal na seachtaine?
- An mbaineann an scoil úsáid as am lánroghnach chun a chur ar chumas ranganna leas a bhaint as clár rothaíochta?

5. Cláir sheach-churaclaim	**Cuireann an scoil réimse ghníomhaíochtaí seach-churaclaim ar fáil do dhaltaí ar bhonn pearsan aonair agus foirne san scoil**

Comhlánaigh, le do thoil, An *Teimpléad Amchláir Sheach-churaclaim* a leanann an réimse athbhreithnithe san fhoirm iarratais. D'fhéadfadh go mba leor seo do chomhlánú na míre 'staid reatha' den phointe athbhreithniúcháin seo muna bhfuil faisnéis shainiúil eile a mba mhaith leis an scoil a chur san áireamh. Áit go dtugann an scoil isteach cuidiú ó neamhbhaill foirne caithfidh sí a chinntiú go bhfuil na daoine seo:

1. Cáilithe go cuí san réimse ina bhfuil siad ag teagasc
2. Eolach ar Churaclam CO Bunscoile ag áireamh na 7 n-eochair-theachtairí
3. Lán-seiceáilte ag an Gharda Síochána (féach ciorclán 0063/2010 – Mír 9)

Leid-Cheisteanna

- Cé h-iad na spóirt iomaíocha foirne ar a ndéantar freastal san scoil?
- Cé h-iad na spóirt iomaíocha aonair ar a ndéantar freastal san scoil?
- An mbíonn an scoil san iomaíocht ag leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta?
- An eagraíonn an scoil comórtais idir-ranganna agus/nó sraithchomórtais ag am lóin?
- An dtairgeann an scoil aon chineál gníomhaíochta caithimh aimsire mar chnocadóireacht, 'ultimate frisbee', ranganna rince, srl.?

6. Gníomhaíocht Chuimsitheach Choirp	**Tá clár seach-churaclaim na scoile cuimsitheach. Déanann sé freastal ar éagsúlacht dhaltaí, iad siúd le riachtanais speisialta san áireamh.**

Comhairlítear do scoileanna breathnú ar an táb CO cuimsitheach ar shuíomh idirlín na BSG.

Leid-Cheisteanna

- An bhfuil clár tiomnaithe fógraí ag an scoil do CO, Gníomhaíocht choirp agus d'fhaisnéis spórt bhainteach i láthair lárshuite?
- An soláthraíonn an scoil gníomhaíochtaí seach-churaclaim oiriúnach do bhuachaillí agus do chailíní araon?
- Cén chaoi a spreagann an scoil daltaí le cumas agus tallann eisceachtúil?
- Cén chaoi a spreagann an scoil páistí neamhghníomhacha/cúthaileacha/féin-chomhfhiosacha chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna corpghníomhacha?
- An eagraíonn an scoil imeachtaí corpghníomhacha do rang-ghrúpaí, do bhliain-ghrúpaí nó don scoil ina h-iomláine, e.g. Skipathon, imeachtaí eile tiomsaithe airgid, rith scoile, srl?
- Céard iad na h-oiriúnuithe a dhéanann an scoil chun ligean do dhaltaí le riachtanais speisialta a bheith rannpháirteach i ndeiseanna corpghníomhaíochta scoile ag leibhéal ar cóimhéid lena gcumas?
- An bhfuil teagmháil déanta ag an scoil le haon cheann díobh seo a leanas chun a gcomhairle a fháil maidir le cur ar chumas páistí le riachtanais speisialta páirt níos iomláine a ghlacadh i ndeiseanna corpghníomhaíochta:

    a) Oifigigh Forbartha Rannpháirtíochta Spóirt
    b) Ionad Corpghníomhaíochta Cara Oiriúnaithe
    c) Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Speisialta (STOS/SESS)

7. Gníomhaíocht le linn Bristeacha Ama	**Glacann an scoil céimeanna chun corpghníomhaíocht le linn bristeacha agus amanna lóin a chur chun cinn.**

Tá an leabhrán HSE Playground Markings ar fáil le breathnú air faoin táb Acmhainní ar shuíomh idirlín BSG.

Áiríonn pleananna ceachta Thionscnamh Spóirt na mBunscoileanna (TSB), ar fáil faoin táb Acmhainní ar suíomh idirlín BSG, stór cluichí clóis súgartha.

Leid-Cheisteanna

- An bhfuil marcáil chlóis ag an scoil a spreagann daltaí le bheith gníomhach?
- An bhfuil clós na scoile zónáilte i gcóir gníomhaíochtaí éagsúla?
- An dtugann an scoil cead do dhaltaí trealamh spóirt scoile a úsáid le linn a mbristeacha ama?
- Má thugann, cé mar a eagraítear dáileadh agus bailiú an trealaimh?
- An eagraíonn an scoil aon chineál sraithchomórtas nó comórtas ag am lóin?
- An múineann an scoil 'Cluiche na Seachtaine' nó 'Gníomhaíocht na Seachtaine' a ndéantar daltaí a spreagadh le n-imirt le linn a n-amanna briste?
- An múineann an scoil do dhaltaí níos sine gníomhú mar 'Cheannairí Clóis Scoile" ag spreagadh/ag éascú páistí níos óige chun cluichí a imirt le linn a mbristeacha scoile?
- An bhfuil 'Slí na Sláinte' timpeall chlós na scoile chun páistí a spreagadh le siúl le linn a mbristeacha scoile?

8. Taisteal Gníomhach chuig agus ón scoil	**Spreagann an scoil daltaí le siúl nó rothaíocht chuig scoil, áit go bhfuil sé sábháilte sin a dhéanamh**

Tá an 'Walking Bus: Start-up Pack' (Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Phort Láirge) ar fáil faoin táb Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla ar shuíomh idirlín BSG.

Leid-Cheisteanna

- An bhfuil Modúl Iompair na Scoileanna Glasa bainte amach nó an bhfuil an scoil ag saothrú faoi láthair i dtreo an Modúl a bhaint amach?
- An bhfuil ionad páirceála rothar/scútar ag an scoil?
- An dtairgeann an scoil dreasachtaí mar 'An Rang is Gníomhaí' chun breis daltaí a ghríosú chun siúl nó rothaíocht chuig an scoil?
- An eagraíonn an scoil laethanta rialta fócais mar lá 'Rith-ar-Roth-ar'?
- An eagraíonn an scoil ócáidí speisialta mar lá "Tabhair do rothar leat"?
- An aibhsíonn an scoil tábhacht taistil gníomhaigh chuig agus ón scoil le linn 'Seachtain Ghníomhaíochta Scoile'?
- An ndearna an scoil suirbhéireacht ar dhaltaí faoin gcaoi a dtaistealaíonn siad ar scoil?
- An bhfuil aon chineál cúrsa oiliúna rothaíochta eagraithe ag an scoil?
- An bhfuil aon chéimeanna glactha ag an gCoiste Tuismitheoirí chun breis daltaí a spreagadh chun siúl, chun scútáil nó chun rothaíocht ar scoil?
- An oibríonn an scoil 'Bus Siúil Scoile?'

9. Coistí Náisiúnta Rialaithe, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus an FSS (HSE)	**Tá an scoil ag lorg cuidiú gníomhaireachtaí mar Choistí Náisiúnta Rialaithe. Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus an FSS chun corpghníomhaíocht a chur chun cinn.**

Comhairlítear do scoileanna táib na gCoistí Náisiúnta Rialaithe (CNR/NGB), na gComhpháirtíochtaí áitiúla Spóirt (LSP/CPAS) agus an FSS a chuardach ar shuíomh idirlín na BSG.

Tá doiciméad Cláir agus Acmhainní Choistí Náisiúnta Rialaithe na mBunscoileanna (2011-2012) le n-aimsiú faoi tháb na gCoistí Náisiúnta Rialaithe ar shuíomh idirlín na BSG. Tá doiciméid níos mion-sonraithe uaslódailte ag roinnt Coistí Náisiúnta Rialaithe ag léiriú na slite inar féidir leo cuidiú le do scoil an Bhratach Scoile Ghníomhaí a bhaint amach.

Leid-Cheisteanna

- Cé h-iad na deiseanna corpghníomhaíochta a sholáthraíonn cóitseálaithe CNR/NGB faoi láthair?
- An bhfanann múinteoirí i láthair agus/nó rannpháirteach ins na seisiúin ghníomhaíochtaí CNR seo?
- An bhfuil comhchaidreamh oibre ag an scoil leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Spóirt?
- An bhfuil teagmháil déanta ag an scoil nó obair déanta leis an FSS (HSE) i dtéarmaí corpghníomhaíocht a chur chun cinn?
- Ar ghnóthaigh an scoil Bratach Cur Chun Cinn Sláinte an FSS nó an bhfuil sí ag obair i dtreo í seo a bhaint amach?
- An dtagraíonn an scoil do www.getirelandactive.ie i gcóir faisnéise maidir le himeachtaí corpghníomhaíochta áitiúla?

10. Naisc leis an bPobal	**Saothraíonn an scoil le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil chun corpghníomhaíocht a chur chun cinn.**

Leid-Cheisteanna

- Cén sórt slite ina gcuidíonn tuismitheoirí leis na cláir chorpghníomhaíochtaí?
- An imríonn Coiste na dTuismitheoirí ról gníomhach i dtéarmaí corpoideachas a chur chun cinn?
- An ndéanann Coiste na dTuismitheoirí tiomsú airgid chun cuidiú leis an scoil trealamh spóirt agus/nó áiseanna spóirt na scoile a fheabhsú?
- An mbíonn an scoil comhpháirteach i gClár Gníomhaíochta Iar-scoile Bí Gníomhach tar éis Scoile an FSS?
- Céard iad na háiseanna áitiúla a úsáideann an scoil?
- An bhfuil naisc bhunaithe ag an scoil le clubanna agus eagrais chorpghníomhaíochta áitiúla?
- An bhfuil naisc ag an scoil le grúpaí pobail mar na hOilimpeacha Speisialta nó na Cluichí Pobail?
- Ar tugadh cuirí do phearsana nó d'fhoirne áitiúla spóirt chuig an scoil chun cainte leis na daltaí?

- Cén chaoi a gcuireann an scoil daltaí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi chlubanna áitiúla agus imeachtaí chorpghníomhaíochta?
- An ndéanann an scoil tagairt do shuíomh idirlín www.gentielandactive.ie i gcóir faisnéise faoi imeachtaí agus faoi dheiseanna áitiúla corpoideachais?

11. 'Seachtain Ghníomhaíochta Scoile'	**Eagraíonn an scoil an 'tSeachtain Ghníomhaíochta Scoile' gach bliain**

Comhlánaigh, le do thoil, *Teimpléad Amchlár Sheachtain Ghníomhaíochta Scoile* a leanann an chuid athbhreithnithe seo san fhoirm iarratais. D'fhéadfadh go mba leor seo chun an mhír 'staid reatha' a chomhlánú muna bhfuil faisnéis bhreise gur mhaith leis an scoil a bheith san áireamh.

Is imeacht tábhachtach sóisialta í an tSeachtain Ghníomhaíochta Scoile (SGS) agus ba chóir go gcruthódh sí cuid de bhunpháirt de dhialann bhliantúil Scoile Gníomhaí. Spreagtar Scoileanna chun breathnú ar tháb Smaointe ar Sheachtain Ghníomhaíochta Scoile ar shuíomh idirlín na BSG.

Leid-Cheisteanna

- Ar eagraigh an scoil 'Seachtain Ghníomhaíochta Scoile cheana féin? Más ea, cé chomh fada a bhfuil sí ina cuid de dhialann na scoile?
- An gcuidíonn na daltaí le gníomhaíochtaí na SGS a phleanáil/eagrú?
- An bhfuil gníomhaíochtaí do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí áirithe ins an amchlár?
- An nglacann an scoil cur chuige traschuraclaim do SGS?
- An bhfuil Lá Spóir mar chuid de chlár SGS?

12. Guth Daltaí	**Ligeann an scoil do dhaltaí a bheith bainteach san bpróiseas maidir le soláthar agus cur chun cinn deiseanna corpoideachais**

Leid-Cheisteanna

- Cé mhéad ionadaithe daltaí atá ar choiste na Brataí Scoile Gníomhaí?
- An gcuidíonn daltaí sinsearacha le h-imeachtaí mar Sheachtain Ghníomhaíochta Scoile a phleanáil agus a eagrú?
- An bhfuil suirbhéanna ar dhaltaí déanta ag an scoil ar nithe a bhaineann le corpghníomhaíocht?

13. Ag Ceiliúradh Scileanna/ Éachtaí Corpghníomhaíochta	**Tairgeann an scoil deis do dhaltaí a gcuid scileanna agus éachtaí corpghíomhaíochta a cheiliúradh**

Leid-Cheisteanna

- Cén chaoi a ndéantar éachtaí aonair agus foirne a cheiliúradh taobh istigh de phobal na scoile?
- An admhaíonn an scoil éachtaí ar shuíomh idirlín na scoile agus i nuachtlitreacha scoile?
- An bhfuil clár fógraí tiomnaithe agus suas chun dáta ag an scoil i gcóir CO, imeachtaí/éachtaí corpghníomhaíochta agus spóirt?
- An eagraíonn an scoil Lá Spóirt bliantúil? Más ea, an bhfuil na himeachtaí aonar nó foireann bhunaithe? Iomaíoch nó comhoibríoch? Dáiríre nó spraíúil?
- An eagraíonn an scoil aon chineál Gradam Spóirt? Má dhéanann, céard iad na gradaim a thugtar amach?
- Céard iad na deiseanna a thairgeann an scoil do dhaltaí chun a scileanna corpghníomhaíochta a léiriú?

14. Forbairt Ghairmiúil	**Spreagann an scoil do bhaill foirne freastal ar chúrsaí in-seirbhíse in earnálacha CO, corpghníomhaíochta agus spóirt**

Comhairlítear do scoileanna breathnú ar an táb Forbairt Ghairmiúil agus ar rannóg an Chláir Fógraí ar shuíomh idirlín na BSG.

Leid-Cheisteanna

- An bhfuil an scoil comhcheangailte le Cumann Bun-Chorpoideachais na hÉireann (CBCÉ/IPPEA)
- Ar fhreastal baill foirne ar chomhdhálacha bliantúla CBCE nó ar chruinnithe de Phobal Múinteoirí Gairmiúla (TPC/PMG)?
- Ar ghlac baill foirne páirt i gcúrsaí eagraithe tríd an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt?
- Ar chríochnaigh baill foirne ar bith cúrsaí cóitseála/réiteora Choistí Náisiúnta Rialaithe (CNR/NGB)?
- Cé mhéad ball foirne a bhfuil teastas garchabhrach suas chun dáta acu?
- Cén chaoi a scaiptear faisnéis faoi chúrsaí in-seirbhíse agus deiseanna FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) ar bhaill foirne?

15. Acmhainní	**Tá dóthain trealaimh ag an scoil chun cláir chuimsitheacha CO, spóirt agus ghníomhaíochta spóirt a sholáthar do dhaltaí**

Comhlánaigh, le do thoil an *Teimpléad Fardal Trealaimh* a leanann an láthair athbhreithnithe seo ins an fhoirm iarratais. D'fhéadfadh go mba leor seo chun an mír 'staid reatha' a chomhlánú muna bhfuil breis eolais ar mhaith leis an scoil a áireamh.

Leid-Cheisteanna

- An bhfuil dóthain trealaimh oiriúnach ag an scoil chun gach ceann de na snáitheanna ar bhun-churaclam CO a mhúineadh?

- Cén chaoi a gcinntíonn an scoil go bhfuil dóthain fearais chun cuidiú le cláir CO agus ghníomhaíochta chomh-churaclaim?
- An bhfuil dóthain áiseanna stórála ag an scoil?
- Céard iad na háiseanna CO (leabhair, DVDanna, cártaí oibre, cnuasaigh cheoil, srl.) atá ag an scoil agus á n-úsáid inti?

Togra Taighde

Iarrtar ar scoileanna machnamh a dhéanamh ar thogra taighde ón dámh CO ag Coláiste Mhuire gan Smál (CMS/MIC), Luimneach. Is féidir forbhreathnú den togra taighde a fháil ag deireadh na foirme iarratais.

Iarrtar ar scoileanna líne a chur faoina bhfreagra.

Má léirítear comhthoil ar an fhoirm iarratais, scaoilfidh Ionad Oideachais Mhaigh Eo an fhoirm comhlánaithe chuig foireann taighde CMS chomh luath is a bhronntar creidiúnú BSG.

Má theastaíonn breis eolais maidir leis an togra taighde ó scoileanna, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh le Deirdre.NiChroinin@mic.ul.ie